# An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)

## MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

# Tuarascáil Bhliantúil 2010

---

**An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)**
**51 Faiche Stiabhna**
**Baile Átha Cliath 2**
**Teileafón : (01) 602 8221**
**R-phost : info@mhclrb.ie**
**Láithreán Gréasáin: www.mhclrb.ie**

# CLÁR

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Réamhfhocal an Chathaoirligh | Lch. | 3 |
| 2. | Feidhm an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Lch. | 6 |
| 3. | Athbhreithnithe de chuid an Bhoird | Lch. | 6 |
| 4. | An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Lch. | 8 |
| 5. | Orduithe Urscaoilte | Lch. | 9 |
| 6. | Imeachtaí Dlí | Lch. | 9 |
| 7. | Cruinnithe | Lch. | 10 |
| 8. | Caiteachas | Lch. | 11 |

**AGUISÍNÍ**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aguisín I | - | Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa - 2010/2009 | Lch. 12 |
| Aguisín II | - | Líon Othar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise 2010/2009 | Lch. 13 |
| Aguisín III | - | Líon Éisteachtaí de réir an chineáil Athbhreithnithe 2010/2009 | Lch. 14 |
| Aguisín IV | - | Líon Éisteachtaí in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 - 2010/2009 | Lch. 15 |
| Aguisín V | - | Meánlíon Cásanna a Sannadh d’Ionadaithe Dlí ar an bPainéal Cúnaimh Dlí - 2010/2009 | Lch. 16 |

## 1. RÉAMHFHOCAL AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Sláinte (An Dlí Coiriúil) i Meán Fómhair 2006 faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006. Is é príomhfheidhm an Bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar faoin Acht in ionad ainmnithe. Faoi láthair is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon ionad atá ainmnithe. Agus coinneáil othair á hathbhreithniú tá de cheanglas ar an mBord aird a thabhairt, *inter alia,* ar shábháilteacht agus ar leas an duine a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar a choinneáil agus ar leas an phobail. Nuair atá athbhreithniú déanta ag an mBord ar choinneáil othair, ní mór don Bhord pé ordú a dhéanamh ar dóigh leis a bheith iomchuí, cibé an breis coinneála, cúram nó cóireáil othair in ionad ainmnithe nó scaoileadh amach othair, gan choinníoll nó faoi choinníollacha do chóireáil mar othar seachtrach nó maoirseacht nó an dá rud sin, nó i gcás gur duine é an t-othar a aistríodh ón bpríosún chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, an t-othar a chur ar ais sa phríosún.

I 2010, bhí méadú 22% ar líon na n-athbhreithnithe coinneála a d'éist an Bord. Rinneadh iomlán 205 athbhreithniú, ag teacht le ceangal dlíthiúil an Bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar gach othar ag tráthanna rialta nach faide ná 6 mhí, agus, den chéad uair, rinne an Bord an 9ú, 10ú agus 11ú athbhreithniú ar choinneáil roinnt othar.

Is maith leis an mBord a thabhairt ar aird gur rith an tOireachtas an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010 i Nollaig 2010. Léirigh an Bord a imní roimhe seo nár achtaíodh reachtaíocht chun foráil a dhéanamh d'infhorfheidhmitheacht

choinníollacha scaoilte, rud a d'fhág gur laghdaíodh breithnithe an Bhoird maidir le scaoileadh amach roinnt othar i measc an phobail le cosaintí i bhfeidhm don othar agus don phobal araon. Cuireann an tAcht nua, ar leasú é ar Acht 2006, ar chumas an Bhoird orduithe scaoilte a dhéanamh a bheidh faoi réir coinníollacha infhorfheidhmithe. Bhí áthas ar an mBord nuair a cuireadh in iúl dó i mí na Nollag go raibh sé i gceist ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an dlí a thabhairt i bhfeidhm a luaithe a bheadh deis ann go praiticiúil.* Éilíonn an tAcht, sular féidir ordú a dhéanamh othar a scaoileadh amach, go mbíonn socruithe i bhfeidhm leis an othar a éascú i gcomhlíonadh na gcoinníollacha, le maoirseacht a dhéanamh ar an othar, agus le foráil a dhéanamh leis an othar a chur ar ais chuig an ionad ainmnithe i gcás go sáraíonn an t-othar an t-ordú scaoilte coinníollach go hábhartha. Níl formhór na n-othar atá á gcoinneáil faoi Acht 2006 oiriúnach don scaoileadh amach go fóill, ach tá líon áirithe othar a ndéanfaidh an Bord iad a bhreithniú go gníomhach chun a scaoilte faoir réir coinníollacha infhorfheidhmithe.

Ba mhaith liom thar ceann an Bhoird buíochas a ghlacadh leis an Ollamh Harry Kennedy, agus lena fhoireann sa Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar lena n-áirítear na Siciatraithe Fóiréinseacha Comhairleacha, an fhoireann altranais, na seirbhísí sóisialta agus riaracháin as a gcuid cabhrach i rith na bliana, agus as soláthar áiseanna san Ospidéal leis na hathbhreithnithe a dhéanamh.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair na n-ionadaithe dlí a dhéanann ionadaíocht chumasach choinsiasach thar ceann na n-othar a thagann os comhair an Bhoird, othair nach féidir le go leor acu, mar gheall ar an ngalar, labhairt ar a son féin.

* Shínigh an tAire Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí an tOrdú um Thosach Feidhme a thug feidhm don Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010 ar 8 Feabhra 2011.

Gabhaim buíochas le foireann an Bhoird, Liam Fitzgerald Uasal (iar-Phríomhfheidhmeannach an Bhoird a chuaigh ar scor i Meitheamh 2010), Greg Heylin Uasal, Príomhfheidhmeannach, Dominic Kelly Uasal, Catherine Hayes Uasal agus Ann Casey Uasal a thug cabhair leanúnach éifeachtach chroíúil don Bhord.

## An Breitheamh Brian McCracken

**Márta 2011**

## 2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL

Bunaíodh An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 a raibh feidhm leis ón 27 Meán Fómhair, 2006. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad ainmnithe (faoi láthair is é an t-aon ionad ainmnithe ná an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar) a cuireadh isteach ann de bharr cinneadh de chuid na gcúirteanna nach bhfuil siad oiriúnach le cur faoi thriail nó ar measadh iad a bheith neamhchiontach i gcion de bharr gealtachta. Déanann an Bord athbhreithniú chomh maith ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig ionad ainmnithe agus atá ag fulaingt ó mhí-ord meabhrach. Tá an Bord Athbhreithnithe neamhspleách go reachtúil ó thaobh chomhlíonadh a chuid fheidhmeanna.

## 3. ATHBREITHNITHE DE CHUID AN BHOIRD

Aon tráth áirithe, coinnítear thart ar 80 othar sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoin Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, ach athraíonn an líon seo ó am go ham toisc go n-aistrítear othair as príosún chuig an Ospideál ar mhaithe le cóireáil agus cúram agus cuirtear ar ais chuig an bpríosún ina dhiaidh sin iad. Ní mór don Bhord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar ag tráthanna nach faide ná 6 mhí. Is féidir tús a chur le hathbhreithnithe lasmuigh de na hathbhreithnithe sin a sceidealtar go rialta, (i) ar éileamh ón mBord; (ii) ar éileamh ón othar; (iii) ar éileamh ón Aire Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí nó (iv) ar éileamh ón Stiúrthóir Cliniciúil. Déantar na hathbhreithnithe sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar.

Le linn 2010, d'éist an Bord le 205 athbhreithniú ar choinneáil 94 othar. Léiríonn sé seo ardú 22% ar líon na n-athbhreithnithe a rinneadh i 2009, arbh 167 a líon. De na 94 othar a ndearnadh athbhreithniú orthu diagnóisíodh go raibh an scitsifréine ar 69% díobh, bhí neamhord scitsea-mhothachtálach ar 16% agus diagnóisíodh 15% le neamhoird eile, ar a raibh neamhord mothachtálach dépholach, síocóis druga spreagtha agus míchumas intleachtúil. Cuirtear seo i gcomparáid le 2009, tráth a rinne an Bord athbhreithniú ar choinneáil 82* othar, a ndearnadh diagnóis na scitsifréine ar 71% díobh, neamhord scitsea-mhothachtálach ar 17% agus neamhoird eile ar 12%. Ba chóir a thabhairt ar aird gurb é an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain. (Tagairt in Aguisíní I agus II).

Den chéad uair i 2010, rinne an Bord éisteachtaí a bhí ag an 9ú, 10ú agus 11ú céim athbhreithnithe. De 205 éisteacht, b'ionann 37 agus an 9ú athbhreithniú, b'ionann 17 agus an 10ú athbhreithniú, arbh 18% agus 8% faoi seach iad den iomlán foriomlán, agus bhí 1 éisteacht amháin ag an 11ú céim athbhreithnithe. Bhí 11% de na héisteachtaí i 2010 ag an 1ú céim athbhreithnithe, i gcomparáid le 16% i 2009. (Tagairt in Aguisín III).

Mar a bhí i 2009, b'ionann formhór na n-athbhreithnithe coinneála seo agus othair a cuireadh isteach sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006 a fuarthas neamhchiontach de bharr gealtachta. I 2010, bhain 120 éisteacht, ar 59% de líon iomlán na n-éisteachtaí iad, le coinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 5(2). I 2009, bhí 89 éisteacht, nó 53% den iomlán, sa chatagóir seo. Bhain 26% de na

* Dúirt Tuarascáil Bhliantúil 2009 an Bhoird go hearráideach go ndearna an Bord athbhreithniú ar choinneáil 84 othar i 2009. Ní raibh aon earráid i líon na n-éisteachtaí a tuairiscíodh.

héisteachtaí le hathbhreithnithe ar choinneáil othar a cuireadh isteach faoi Alt 15(2) den Acht, ar phríosúnaigh iad a aistríodh go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar chun cúram agus cóireáil a fháil nach bhféadfaí a chur ar fáil sa phríosún. B'ionann an grúpa seo agus 32% d'éisteachtaí i 2009. (Tagairt in Aguisín IV).

## 4. **AN SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)**

Ceanglaíonn Alt 12 (1)(c) d'Acht 2006 ar an mBord ionadaithe dlí a shannadh d'othair atá faoi réir athbhreithnithe mura bhufuil sé beartaithe acu féin ionadaíocht dlí a fhostú ar a gcostas féin. Chun na críche sin, chuir an Bord An Scéim um Chúnamh Dlí Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 i bhfeidhm faoinar bunaíodh painéal d'ionadaithe dlí. Is féidir le hothair diúltú do sheirbhísí an aturnae a sannadh ón bpainéal agus is féidir leo aturnae eile a iarradh ón bpainéal nó is féidir leo aturnae nach bhfuil ar an bpainéal a fhostú. Ar mhaithe le leanúnachas, sanntar an t-aturnae céanna d'othar d'aon athbhreithniú ina dhiaidh sin.

I 2010, bhí 31 aturnae ceangailte leis an bpainéal i gcomparáid le 30 i 2009. Ba é meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha i 2010 ná 7 cé gur 6 a sannadh dóibh i 2009. Sannadh meánlíon de 14 cás an duine don ardcheathairíl aturnaetha a bhí ar an bpainéal i 2010 agus 12 i 2009. Sannadh meánlíon 12 cás don dara agus don tríú ceathairíl le chéile i gcomparáid le 10 cinn in 2009, agus níor sannadh aon chás don cheathairíl íochtair. (Tagairt in Aguisín V).

Tugann Alt 3.6 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí le fios go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú foirmiúil ar an bpainéal gach trí bliana, nó de réir mar a theastaíonn. Ag féachaint dó seo, chuir an Bord tús le hathbhreithniú ar an bpainéal i 2010, atá ar siúl go fóill.

## 5. <u>ORDUITHE URSCAOILTE</u>

De bhun Alt 13 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006, d'ordaigh an Bord scaoileadh amach gan choinníoll othair sna seascaidí ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar in Iúil 2010, tar éis don Bhord cinneadh a dhéanamh nach raibh gá a thuilleadh ag an other le cóireáil san Ospidéal sin agus nár ghá níos mó an t-othar a choinneáil ansin.

Mar gheall ar imní an Bhoird maidir le hinfhorfheidhmitheacht choinníollacha, ní dhearna an Bord aon orduithe maidir le scaoileadh amach coinníollach i 2010.

## 6. <u>IMEACHTAÍ DLÍ</u>

Is iad seo a leanas na himeachtaí dlí leanúnacha a raibh baint ag an mBord leo i 2010:

(i) ***JB v. an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne***

Thug an Breitheamh Hanna breithiúnas san Ard Chúirt ar 25 Iúil 2008 (Teideal an Bhreithiúnais: *B -v- an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) & Eile).* Lóisteáladh Fógra Achomhairc chuig an gCúirt

Uachtarach i Nollaig 2008. Luadh an cás sa Chúirt Uachtarach ach níor sannadh dáta d'éisteacht faoi dheireadh 2010.

(ii) ***DG v. an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne***

Cuireadh tús leis na himeachtaí seo i Meitheamh 2008 agus deonaíodh iad a chur ar athló roinnt uaireanta i 2010. Tuigtear go bhfuil an t-iarratasóir ag fanacht le toradh an Achomhairc JB.

(iii) ***AL v. Harry Kennedy, Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéil Meabhair-Ghalar agus an Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (Páirtí Fógartha)***

Thug an Breitheamh Peart breithiúnas ar 5 Bealtaine 2010 san iarratas seo ar *Habeas Corpus* faoi Airteagal 40.4.2 den Bhunreacht áit a raibh an t-iarratasóir ag déanamh agóide in aghaidh dlíthiúlacht a choinneála. Chinn an Breitheamh go raibh a choinneáil dleathach agus dhiúltaigh sé an t-iarratasóir a scaoileadh amach.

## 7. CRUINNITHE

Bhuail an Bord leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte i Meán Fómhair 2010 chun roinnt gnéithe leasa choitinn a phlé, lena n-áirítear iompar éisteachtaí, imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh agus cúnamh dlí d'othair. Shocraigh an Bord agus an Coimisiún go mbuailfidís le chéile arís le haghaidh tuilleadh plé sa bhliain atá romhainn.

## 8. CAITEACHAS

B'ionann caiteachas iomlán an Bhoird i 2010 agus €585,785. Caitheadh €286,266 ar phá, €111,049 ar sholáthar cúnaimh dlí in aisce agus €188,470 ar chostais eile. Ag teacht le treoracha na Roinne Airgeadais, laghdaíodh táillí iníoctha le baill den Bhord le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail, 2009.

**Tabhair ar aird:**
Tá na nithe seo a leanas ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie):
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006,
An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010,
Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhair-Sláinte (An Dlí Coiriúil), agus
Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dlí Meabhair-Sláinte (An Dlí Coiriúil) 2006

**Aguisín I**

## <u>Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa - 2010/2009</u>

| Mí | **Líon Éisteachtaí 2010** | **% d'Iomlán 2010** | **Líon Éisteachtaí 2009** | **% d'Iomlán 2009** |
|---|---|---|---|---|
| **Eanáir** | 18 | 9% | 8 | 5% |
| **Feabhra** | 19 | 9% | 8 | 5% |
| **Márta** | 28 | 14% | 6 | 4% |
| **Aibreán** | 18 | 9% | 20 | 12% |
| **Bealtaine** | | | 24 | 14% |
| **Meitheamh** | 21 | 10% | 3 | 2% |
| **Iúil** | 25 | 12% | 20 | 12% |
| **Lúnasa** | 17 | 8% | 20 | 12% |
| **Meán Fómhair** | 18 | 9% | 12 | 7% |
| **Deireadh Fómhair** | 16 | 8% | 28 | 16% |
| **Samhain** | 13 | 6% | 18 | 11% |
| **Nollaig** | 12 | 6% | | |
| **Iomlán** | **205** | **100%** | **167** | **100%** |

**Aguisín II**

## Líon Othar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise 2010/2009

| Diagnóis | Líon othar athbhreithne 2010 | % d'Iomlán 2010 | Líon othar Athbhreithnithe 2009 | % d'Iomlán 2009 |
|---|---|---|---|---|
| **Scitsifréine** | 65 | 69% | 58 | 71% |
| **Neamhord Scitsea-Mhothachtálach** | 15 | 16% | 14 | 17% |
| **Neamhoird Eile** | 14 | 15% | 10 | 12% |
| **Iomlán** | **94** | **100%** | **82** | **100%** |

Tabhair ar aird : Is é an grúpa lárnach céanna othar a ndéanann an Bord athbhreithniú orthu gach bliain.

**Ar Neamhoird Eile áirítear:**
Neamhord Mothachtálach Dépholach
Síocóis Druga Spreagtha
Míchumas Intleachtúil
Neamhord Siabhráin
Neamhord Dúlagair
Neamhord Trom Dúlagair Athfhillteach le Gnéithe Síocóiseacha
Neamhord Seasta Siabhráin
Neamhord Pearsantachta atá Neamhsheasmhach go Mothúchánach
Neamhord Pearsantachta Frithshóisialta
Taom Síocóise

## Aguisín III

## Líon Éisteachtaí de réir an Chineáil Athbhreithnithe - 2010/2009

| An Cineál Athbhreithnithe | Líon na nAthbhreithnithe 2010 | % de Iomlán 2010 | Líon na nAthbhreithnithe 2009 | % de Iomlán 2009 |
|---|---|---|---|---|
| **1ú Athbhreithniú** | 22 | 11% | 26 | 16% |
| **2ú Athbhreithniú** | 13 | 6% | 14 | 8% |
| **3ú Athbhreithniú** | 11 | 5% | 13 | 8% |
| **4ú Athbhreithniú** | 12 | 6% | 12 | 7% |
| **5ú Athbhreithniú** | 11 | 5% | 23 | 14% |
| **6ú Athbhreithniú** | 14 | 7% | 44 | 26% |
| **7ú Athbhreithniú** | 21 | 11% | 34 | 20% |
| **8ú Athbhreithniú** | 46 | 23% | 1 | 1% |
| **9ú Athbhreithniú** | 37 | 18% | | |
| **10ú Athbhreithniú** | 17 | 8% | | |
| **11ú Athbhreithniú** | 1 | | | |
| **Iomlán** | **205** | **100%** | **167** | **100%** |

**Aguisín IV**

## Líon Éisteachtaí in aghaidh an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 2010/2009

| Alt d'Acht 2006 | Líon Éisteachtaí 2010 | % de Iomlán 2010 | Líon Éisteachtaí 2009 | % de Iomlán 2009 |
|---|---|---|---|---|
| **Alt 4(3)** | 7 | 3% | 6 | 4% |
| **Alt 4(5)** | 14 | 7% | 12 | 7% |
| **Alt 5(2)** | 120 | 59% | 89 | 53% |
| **Alt 15(1)** | 10 | 5% | 6 | 4% |
| **Alt 15(2)** | 54 | 26% | 54 | 32% |
| **Iomlán** | **205** | **100%** | **167** | **100%** |

| | |
|---|---|
| **Alt 4(3)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Dúiche |
| **Alt 4(5)** | Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile |
| **Alt 5(2)** | Neamhchiontach de bharr gealtachta |
| **Alt 15(1)** | Aistriú deonach ó Phríosún |
| **Alt 15(2)** | Aistriú neamhdheonach ó Phríosún |

**Aguisín V**

## Meánlíon Cásanna a Sannadh chuig Ionadaithe Dlí ar an bPainéal Cúnaimh Dlí - 2010/2009

| Bliain | Líon Ionadaithe Dlí ar an bPainéal | Meánlíon cásanna a sannadh | Meánlíon cásanna a sannadh Ardcheathairíl | Meánlíon cásanna a sannadh 2ú & 3ú Ceathairíleanna | Meánlíon cásanna a sannadh Ceathairíl Íochtair |
|---|---|---|---|---|---|
| **2010** | 31 | 7 | 14 | 12 | 0 |
| **2009** | 30 | 6 | 12 | 10 | 0 |